

Tionscadal Gníomhachtaithe Míchumais

EOLAS AGUS NÓTAÍ TREORACH

*le gabháil le
Foirm Iarratais an Tionscadail*



Cláir Chistí Struchtúracha AE
na hÉireann 2007-2013

Cómhainithe ag Rialtas na hÉireann
agus ag an Aontas Eorpach



Ciste Sóisialta na hEorpa

Infheistiú i do Thodhchaí



An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

www.welfare.ie

CLÁR

Cuid 1	Réamhrá	1	
Cuid 2	Forbhreathnú Snáitheanna		
	• Snáithe 1	Feabhsú Teachta ar Fhostaíocht	6
	• Snáithe 2	Cláir Foráis do Dhaoine Óga	8
	• Snáithe 3	Tacú le Forás agus Coinneáil Daoine atá faoi Mhíchumas Faighte	9
	• Snáithe 4	Tionscnaimh Fostóirí Nuálacha	10
Cuid 3	Cáilitheacht	11	
Cuid 4	Próiseas an Iarratais	16	
Cuid 5	Critéir Roghnúcháin agus Scóráil	19	
Cuid 6	Seicliosta le haghaidh Seoladh Isteach Iarratais	23	
Aguisín 1	Scéimeanna Míchumais/Breoiteachta na Roinne Coimirce Sóisialaí	26	
Aguisín 2	Léarscáil an Limistéir Cháilithe	28	

Cuid 1

TÚS EOLAIS

Forbraíodh na nótaí Eolais agus Treorach le cabhrú le hiarratasóirí féideartha atá ag cur isteach ar mhaoiniú faoin Tionscadal Gníomhachtaithe Míchumais, rud atá á chómhaoiniú ag Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS). Soláthraíonn an doiciméad eolas cúlra ar an Tionscadal Gníomhachtaithe Míchumais agus sonraí faoi gach ceann de na ceithre shnáithe. Soláthraítear eolas chomh maith ar phróiseas an iarratais agus ar na critéir cháilitheachta agus roghnúcháin.

Léigh na nótaí seo go mionsonraithe sula ndéanfaidh tú d'iarratas, le do thoil. Cuimhnigh ar na sonraí ar d'iarratas a thaispeáint go simplí agus go beacht i gcónaí. Ar deireadh, cuirfear gach doiciméad ar fáil i bhformáidí eile ar iarratas.

Spríocanna agus Cuspóirí an Tionscadail Gníomhachtaithe

Míchumais

Is é is aidhm straitéiseach don Tionscadal Gníomhachtaithe Míchumais atá á mhaoiniú ag CSE/an RCS ná méadú a dhéanamh ar chumas agus acmhainneacht daoine a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh le haghaidh míchumais/breoiteachta, ionas go mbeidh siad páirteach sa mhargadh saothair agus é bunaithe ar chur chuige bainistíochta cásanna.

Is iad cuspóirí an Tionscadail ná:

- Díriú ar chumas oibre i leith Custaiméirí Leasa Shóisialaigh a fhaigheann íocaíocht míchumais/breoiteachta. Aithneofar agus forbrófar a leithéid de chumas agus déanfar foirmeálta é, chun plean pearsanta foráis a chruthú do gach duine aonair atá páirteach sa tionscadal.
- Múnlaí nuálacha gníomhachtaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear cur chuige bainistíochta cásanna atá deartha le díriú ar bhearnaí i soláthar cláir fostaíochta, réamhfhostaíochta nó foráis do dhaoine faoi mhíchumas.
- Obair a dhéanamh le agus/nó tacaíocht a thabhairt d'fhostóirí chun tionscnaimh a fhorbairt chun iontráil nó coinneáil daoine faoi mhíchumas sa lucht saothair a fheabhsú.
- Tacú le forás daoine óga atá faoi mhíchumas.
- Tacú le forás agus coinneáil daoine atá faoi mhíchumas faighte.

Forbhreathnú ar an gComhthéacs Polasaí

Tá cuimsiú sóisialta luaite mar chuspóir de Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE). Tá béim polasaí míchumais Chiste Sóisialta na hEorpa ar a chinntiú go bhfuil comhdheis ag daoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh i bhfostaíocht príomhshrutha agus cláir foráis. Léiríonn aidhmeanna agus cuspóirí an Tionscadail Gníomhachtaithe Míchumais, rud atá á chómhaoiniú ag CSE, léiríonn siad na cuspóirí seo agus tá siad á dtacú chomh maith ag na straitéisí agus na cuspóirí atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Míchumais (2004) agus sa chomhaontú comhpháirtíochta sóisialta 'I dTreo 2016'. Leagann an Straitéis Náisiúnta Míchumais amach tiomantas an Stáit do chinntiú go mbíonn daoine faoi mhíchumas páirteach go comhionann i ngach gné de shochaí na hÉireann agus chun neamhspleáchas a uasmhéadú.

Tá cuspóir an Tionscadail Gníomhachtaithe Míchumais i gcur chun cinn teachta ar, agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair do dhaoine faoi mhíchumas i gcomhréir le Plean Earnála na Roinne Coimirce Sóisialaí, rud a cruthaíodh mar chuid den Straitéis Náisiúnta Míchumais. Léiríonn aidhmeanna agus cuspóirí an Tionscadail Gníomhachtaithe Míchumais agus cuireann siad le torthaí agus moltaí an Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead sa Scéim Liúntas Míchumais. Déanann an Plean Earnála cur síos ar thiomantas i leith seirbhísí agus tacaí a fhorbairt le cur ar chumas daoine faoi mhíchumas glacadh le deiseanna bainteacha oibre, oiliúna, oideachais nó forbartha.

Maoiniú

Tá an Tionscadal Gníomhachtaithe Míchumais á chómhaoiniú faoi Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), Clár Oibriúcháin Infheistíochta i gCaipiteal Daonna 2007 - 2013 agus beidh sé á riar ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, le tacaíocht ó Pobal.

Snáitheanna

Tá an Tionscadal Gníomhachtaithe Míchumais eagraithe thart timpeall ar cheithre shnáithe ar leith a bhfuil critéir chomhchosúla cháilitheachta agus roghnúcháin ag baint leo, ach a bhfuil a bpríomhfhócas ar leith féin ag gach ceann acu.

Snáithe 1 Feabhsú Teachta ar Fhostaíocht

Aidhm: Deiseanna cuí foráis, oideachais agus forbartha a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas, chun a dteacht ar fhostaíocht a fheabhsú

Snáithe 2 Cláir Foráis do Dhaoine Óga

Aidhm: Tacú le forbairt agus soláthar cláir shainoiriúnaithe foráis do dhaoine óga atá faoi mhíchumas.

Snáithe 3 Tacú le Forás agus Coinneáil Daoine atá faoi Mhíchumas Faighte

Aidhm: Tacú le forás agus coinneáil daoine atá faoi mhíchumas faighte.

Snáithe 4 Tionscnaimh Fostóirí Nuálacha

Aidhm: Tacú le fostóirí in earcú agus coinneáil daoine faoi mhíchumas san fhostaíocht.

Spriocghrúpa

Is é spriocghrúpa gach Snáithe ná daoine ó 16 go 65 bliain d'aois a fhaigheann **íocaíochtaí leasa shóisialaigh le haghaidh míchumais/breoiteachta** agus a bhfuil cónaí orthu i réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair (TLTI) (Féach ar liosta Scéimeanna Míchumais/Breoiteachta na Roinne Coimirce Sóisialaí in Aguisín 1). Is ceadmhach do thionscadail a bheith bainteach le ceann amháin de na trí phríomhchineál míchumais - fisiceach/céadfach, intleachtach agus deacrachtaí sláinte mheabhrach nó d'fhéadfadh fócas trasmíchumais a bheith i gceist.

Buiséad agus Amscála

Is é an buiséad iomlán atá ar fáil ar fud na gceithre shnáithe ar leith ná €7 milliún. Tabharfar tacaíocht do líon beag tionscadail straitéiseacha ardchaighdeáin ar scála 'idir mheánach agus mhór' atá nuálach agus a chomhlíonann cuspóirí an Tionscadail Gníomhachtaithe Míchumais. Léireoidh leithdháileadh an mhaoinithe ar fud na snáitheanna cáilíocht na dtograí tionscadail.

Is féidir tionscadail a mhaoiniú suas go dtí 30 Aibreán 2015.

Cuid 2

Forbhreathnú Snáitheanna

Snáithe 1 - Feabhsú Teachta ar Fhostaíocht

Aidhm: Deiseanna cuí foráis, oideachais agus forbartha a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas, chun a dteacht ar fhostaíocht a fheabhsú

Cuspóir

Is é cuspóir Shnáithe 1 ná tacú le **líon beag tograí nuálacha agus straitéiseacha** a líonann bearnaí i soláthar cláir fostaíochta agus foráis/oideachais do dhaoine faoi mhíchumas.

D'fhéadfadh sampla gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a mhaoiniú faoin

Snáithe seo na nithe seo a leanas a chuimsiú:

- Múnlaí Nuálacha Gníomhachtaithe do dhaoine atá faoi mhíchumas, lena n-áirítear cur chuige bainistíochta cásanna a bhfuil sé de chumas aige a bheith príomhshruthaithe amach anseo.
- Múnlaí soláthair a léiríonn torthaí dul chun cinn suntasach i measc rannpháirtithe go dtí breisoideachas, oiliúint nó fostaíocht (m.sh. cúrsa oiliúna a chuimsíonn socrúchán struchtúrtha oibre).
- Tionscadail nuálacha a thástálann múnlaí a dheartar le **freastal ar bhearnaí** i soláthar cláir fostaíochta, réamhfhostaíochta nó foráis do dhaoine faoi mhíchumas.

- For-rochtain, eolas, meantóireacht agus/nó cláir tacaíochta níos leithne nó seirbhísí le tacú le teacht agus coinneáil daoine faoi mhíchumas i gcláir foráis, oideachas agus/nó an margadh saothair.
- Tionscadail a thairgeann comhairle phraiticiúil agus seirbhísí atá dírithe ar an duine, chomh maith le tacaí le cuardach post, teach ar obair, tosú san obair agus coinneáil fostaíochta.
- Tionscadail a spreagann agus a thugann tacaíocht do dhaoine a fhaigheann íocaíochtaí míchumais/breiteachta dul i mbun fiontraíochta.

Spriocghrúpa

Is é spriocghrúpa Shnáithe 1 ná daoine ó 16 go 65 bliain d'aois a fhaigheann ***íocaíochtaí leasa shóisialaigh le haghaidh míchumais/breiteachta*** agus a bhfuil cónaí orthu i réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair.

Snáithe 2 – Cláir Foráis do Dhaoine Óga

Aidhm: Tacú le forbairt agus soláthar cláir shainoiriúnaithe foráis do dhaoine óga atá faoi mhíchumas

Cuspóir

Is é cuspóir Shnáithe 2 ná tacú le **líon beag tograí nuálacha agus straitéiseacha** a fhorbraíonn agus a sholáthraíonn cláir foráis do dhaoine óga.

D'fhéadfadh sampla gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a mhaoiniú faoin

Snáithe seo na nithe seo a leanas a chuimsiú:

- Tionscadail ina bhfuil béim ar fhorás i dtreo rannpháirtíochta eacnamaíche.
- Soláthar díreach cláir oiriúnaithe foráis don spriocghrúpa.

Spriocghrúpa

Is é spriocghrúpa Shnáithe 2 ná daoine óga ó **16 go 24** bliain d'aois a fhaigheann **íocaíocht leasa shóisialaigh le haghaidh míchumais/breoiteachta** agus a bhfuil cónaí orthu i réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair.

Snáithe 3 - Tacú le Forás agus Coinneáil Daoine atá faoi Mhíchumas Faighte

Aidhm: Tacú le forás agus coinneáil daoine atá faoi mhíchumas faighte

Cuspóir

Is é cuspóir Shnáithe 3 ná tacú le **líon beag tograí nuálacha agus straitéiseacha** a thacaíonn le agus a chumasaíonn daoine faoi mhíchumas faighte teacht ar/filleadh ar oideachas, oiliúint nó fostaíocht.

Baineann míchumas faighte le riocht sláinte leanúnach nó buan a thagann ar dhuine i rith a s(h)aoil agus atá éagsúil le míchumas/riocht sláinte broinne a bhí ann nuair a rugadh an duine nó sular rugadh é/í. D'fhéadfadh míchumas faighte a bheith i gceist toisc: timpiste, gortú, galar nó breoiteacht (fisiceach, meabhrach nó mothúchánach).

D'fhéadfadh sampla gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a mhaoiniú faoin

Snáithe seo na nithe seo a leanas a chuimsiú:

- Tionscadail a oibríonn i dtreo bacainní ar theacht ar agus ar choinneáil fostaíochta, oideachais nó oiliúna a bhaint.
- Tionscadail a chabhraíonn le daoine ar tháinig míchumas orthu agus iad ina ndaoine fásta fillleadh ar obair nó fostaíocht eile a bhaint amach.

Spriocghrúpa

Is é spriocghrúpa Shnáithe 3 ná daoine ó 16 go 65 bliain d'aois a fhaigheann **íocaíochtaí leasa shóisialaigh le haghaidh míchumais/breoiteachta, atá faoi mhíchumas faighte** agus a bhfuil cónaí orthu i réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair.

Snáithe 4 – Tionscnaimh Fostóirí Nuálacha

Aidhm: Tacú le fostóirí in earcú agus coinneáil daoine faoi mhíchumas san fhostaíocht

Cuspóir

Is é cuspóir Shnáithe 4 ná tacú le **líon beag tograí nuálacha agus straitéiseacha** a thacaíonn le fostóirí daoine faoi mhíchumas a fhostú agus/nó a choinneáil mar fhostaithe.

D'fhéadfadh sampla gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a mhaoiniú faoin Snáithe seo na nithe seo a leanas a chuimsiú:

- Tionscadail a oibríonn le nó a thacaíonn le fostóirí tionscnaimh a fhorbairt chun iontráil an spriocghrúpa nó coinneáil an spriocghrúpa sa lucht saothair a fheabhsú.
- Bearta a fhorbraítear chun feasacht agus roghnú tacaí atá ann cheana d'fhostóirí agus don spriocghrúpa araon a mhéadú, bearta a d'fhéadfadh a bheith chun leas an dá pháirtí i rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha amach anseo.

Spriocghrúpa

Is é spriocghrúpa Shnáithe 4 ná daoine ó 16 go 65 bliain d'aois a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh le haghaidh míchumais/breoiteachta agus a bhfuil cónaí orthu i réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair. Is féidir le gníomhaíochtaí a bheith dírithe ar fhostóirí, líonraí fostóirí agus **ní mór dóibh** torthaí inláimhsithe a léiriú don spriocghrúpa.

Cuid 3

Cáilitheacht

Limistéar Cáilithe

Caithfidh gníomhaíocht an tionscadail a bheith taobh istigh de limistéar cáilithe réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair, limistéar a chuimsíonn trí chontae dhéag: na sé chontae teorann, mar atá, Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, An Cabhán, Muineachán agus Lú; na trí chontae iartharacha, mar atá, Gaillimh, Maigh Eo agus Ros Comáin agus ceithre chontae lár na tíre, mar atá, Laois, Uíbh Fhailí, an Longfort agus an Iarmhí. Féach ar Aguisín 2 chun léarscáil den limistéar cáilithe a fheiceáil.

Cé atá cáilithe le cur isteach air?

Tá cead ag eagraíochtaí a bhfuil taithí acu ar obair a dhéanamh le daoine faoi mhíchumas iarratais a chur isteach ar mhaoiniú.

Cuirtear fáilte roimh iarratais¹ ó chuibhreannais a léiríonn obair roinnte agus cur chuige comhordaithe agus 'comhleanúnach' i leith soláthar seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas agus a bhfuil tionchar fairsing acu agus cumas dul i bhfeidhm ar an gcleachtas is fearr ar fud na hearnála míchumais. Tá an bhéim ar chur chuige 'comhoibríoch' mar bhonn le tiomantas an Rialtais do chinntiú go n-úsáidtear airgead poiblí san earnáil míchumais ar bhonn níos éifeachtúla agus go mbíonn soláthar seirbhísí níos sruthlínithe i gceist.

¹ Nuair a fhaightear iarratas ó chuibhreannas, beidh ar an gcuibhreannas ceann-eagraíocht a ainmniú a ghlacfaidh le freagracht chonartha as an gcuntasaíocht airgeadais agus an mhonatóireacht/tuairisciú go léir do Pobal.

Chomh maith leis sin, éascaíonn obair chomhoibríoch uasmhéadú thionchar agus éifeachtacht idirghabháil na dtionscadal.

TABHAIR FAOI DEARA, LE DO THOIL:

Ní ceadmhach ach foirm iarratais amháin a sheoladh isteach nuair atáthar ag cur isteach ar shnáithe ar leith nó ar fud na Snáithe ó 1 - 3. (Ní leithdháiltear scóráil bhreise le haghaidh iarratais ilsnáithe).

Ní mór d'iarratasóirí iarratas ar leith a sheoladh isteach má tá iarratas á dhéanamh acu faoi Shnáithe 4.

Céard iad na critéir cháilitheachta?

Seo a leanas na critéir cháilitheachta:

1. Ní mór tograí tionscadail a dhíriú ar rannpháirtithe a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh le haghaidh míchumais/breoiteachta i réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair amháin.
2. Ní mór foirmeacha iarratais comhlánaithe agus doiciméid tacaíochta a sheoladh isteach in am -nach deanai an Aibreain 13th 2012.
3. Ní mór do thograí **tionchar** a léiriú taobh istigh de chontae amháin ar a laghad taobh istigh de Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair.
4. Ní mór do thograí forbairt Plean Pearsanta Foráis a chuimsiú, rud a bheidh dréachtaithe le haghaidh gach rannpháirtí tionscadail. Tabharfaidh an Plean Pearsanta Foráis breac-chuntas ar bhuanna agus líon scileanna gach rannpháirtí agus aithneoidh sé a riachtanais foráis, spriocanna pearsanta agus cuimseoidh sé spriocanna, idir mheántéarmacha agus fhadtéarmacha, a bheidh faoi athbhreithniú go rialta.
5. Ní mór do thograí cloí leis na Téamaí Cothrománacha, mar atá:

- a. Comhionannas Inscne agus Deiseanna Comhionannais Níos Leithne .i. cumasú teachta chomhionainn ar oiliúint agus tacaí eile, beag beann ar inscne ná eitneacht.
 - b. Forbairt Inbhuanaithe .i. forbairt gníomhartha is féidir a phríomhshruthú.
6. Beidh dáta deiridh ag na tionscadail nach déanaí ná an 30^ú lá d'Aibreán 2015.

Cén cineál gníomhaíochtaí is féidir a mhaoiniú?

Féach ar liosta na ngníomhartha samplacha a bhfuil breac-chuntas orthu faoi gach snáithe.

Cén tacaíocht airgeadais atá ar fáil do thionscadail rathúla?

Tá Tacaíocht Airgeadais suas le 100% ar fáil do na tionscadail go léir.

Cén cineál caiteachais atá cáilithe?

- Níl ach costais dhíreacha (gan costais chionroinnte) cáilithe.
- Níl ach na costais a tabhaíodh agus a íocadh i ndáiríre i rith na tréimhse maoiniúcháin cáilithe.

Ní mór do luach ar airgead a bheith i gceist leis na costais agus a bheith bainteach go díreach le gníomhaíocht tionscadail.

Sampla costas a d'fhéadfaí a bhreithniú:

- **Tuarastail** - Costais tuarastail lena n-áirítear ÁSPC Fostóirí. Ba chóir go mbeadh scála na dtuarastal ag teacht leis na scálaí atá ann san earnáil bhainteach faoi láthair.
- **Taisteal agus Cothú** - Ní mór do na rátaí a bheith cuí agus inchosanta agus ba chóir go mbainfeadh na costais go díreach le gníomhaíocht tionscadail.

- **Forchostais** - Costais a bhaineann go díreach le gníomhaíocht an tionscadail, m.sh. fóin póca nó línte díreach fóin. Níl costais chionroinnte cáilithe.
- **Trealamh** - Costais trealaimh suas le huasmhéid €1,000 ar rud ar leith.
- **Costais Cláir** – oiliúint, éascú, fruilíú ionaid, measúnú agus monatóireacht.
- **Costais Phoiblíochta** – Costais phoiblíochta tionscadail, bileog, bróisiúr srl.

Cén cineál caiteachais nach bhfuil cáilithe?

Seo a leanas sampla costas nach bhfuil cáilithe le haghaidh maoiniú:

- CBL agus muirir amhail costais ús bainc, fíneálacha, pionóis airgeadais agus costais díospóidí dlí.
- Príomh-mhaoiniú eagraíochtaí.
- Costais a thabhaítear ar thionscadal sula dtugtar cead maoiniúcháin.
- Costais iomarcaíochta agus pinsean.
- Costais trealaimh os cionn €1,000 ar rud ar leith.
- Urraíocht agus deonacháin charthanacha.
- Feithiclí nó sócmhainní soghluaiste eile, bonneagar, eastát réadach agus costais talún. Cuimsíonn sé seo na costais ghaolmhara go léir i gceannach na nithe seo.
- Dímhneas.
- Ranníocaíochtaí comhchineáil.
- Costais fochonraitheoireachta.

Cén cineál tionscadail nó gníomhaíochta nach bhfuil cáilithe?

- Aon ghníomhaíocht ina bhfuil freagracht shoiléir reachtúil nó ina bhfuil deacrachtaí maoiniúcháin mar thoradh díreach ar chiorrú ar mhaoiniú.

- Gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun cinn reiligiúin, páirtithe polaitíochta nó dearcadh polaitiúil ar leith.
- Ócáidí aonuaire nach bhfuil mar chuid de chlár níos mó.
- Tionscadail atá bunaithe ar chaidreamh soláthraí-dáileora nó soláthraí-ceannaitheora.
- Tionscadail atá ag iarraidh maoiniú chun tionscadal reatha a chríochnú nó mar mhaoiniú leanúnachais.
- Tionscadail atá ag iarraidh maoiniú chun an teacht ar fhoirgnimh a fheabhsú.
- Tionscadail a mhacasamhlaíonn an soláthar reatha seirbhísí atá ann do dhaoine faoi mhíchumas.
- Tograí tionscadail a fhaigheann maoiniú poiblí cheana (ón AE nó ón Státchiste), lena n-áirítear cistí domhandaithe an AE.
- Tionscadail nach bhfuil ach oiliúint á soláthar acu.
- Tuarascálacha staidéir féidearthachta agus síoldeontais.
- Spáránachtaí do dhaoine aonair.

Ní liostaí uileghabhálacha iad seo; déan teagmháil le disabilityactivation@pobal.ie chun deimhniú breise a fháil, le do thoil.

Cén tréimhse a bhfuil maoiniú ar fáil lena haghaidh?

Is féidir tionscadail a mhaoiniú suas go dtí 30 Aibreán 2015.

Cuid 4

Próiseas an Iarratais

Cén uair is féidir iarratais a dhéanamh?

Beidh foirmeacha iarratais ar fáil ó **13 Feabhra 2012**. Próiseálfar iarratais ar bhonn iomaíoch.

Conas iarratas a chur isteach air

Tá foirmeacha iarratais ar fáil **ar líne ag** www.pobal.ie agus www.welfare.ie

Seisiún Eolais

Tairgfidh Pobal deis duit próiseas an iarratais a phlé ag Seisiún Eolais. Chomh maith le heolas ginearálta a sholáthar ar an Tionscadal Gníomhachtaithe Míchumais, eagrófar cruinniú/clinic leat, más mian leat, tar éis an tseisiúin seo (ar an lá céanna), chun do thogra tionscadail a phlé agus chun deimhniú a chur ar fáil sula seolfaidh tú d'iarratas isteach. Tá sonraí na Seisiún Eolais agus ar an gcaoi le coinne a chur in áirithint le haghaidh cruinniú duine ar dhuine ar fáil ar shuíomh gréasáin Pobal -

Próiseas an Iarratais

- Ba chóir foirmeacha iarratais comhlánaithe agus doiciméid tacaíochta a sheoladh mar ríomhphost chuig disabilityactivation@pobal.ie, nó mar chóip chrua chuig Ailish Quinn, Pobal, Foirgneamh M:Tek 11, Bóthar Ard Mhacha, Muineachán, faoi dháta nach deanai an Aibreain 13th 2012. Ní ghlacfar le hiarratais atá déanach.

- Deimhneoidimid taobh istigh de 7 lá go bhfuil d'iarratas ar mhaoiniú faighte againn agus cuirfimid d'uimhir thagartha uathúil tionscadail in iúl duit.

Próiseas Cinnteoireachta

- Cuirfear an meas a dhéanfar faoi bhráid Bhord Pobal agus na Roinne Coimirce Sóisialaí le bheith breithnithe agus táthar ag súil leis go ndéanfar cinneadh ar dháta nach déanaí ná Meitheamh 2012.
- Má tá aon athruithe ar an amscála seo, cuirfimid an méid sin in iúl duit i scríbhinn agus cuirfimid an t-amscála leasaithe in iúl duit.

Tabhair faoi deara, le do thoil:

- Tá na conarthaí go léir faoi réir maoiniú an Stáit/CSE/an AE a bheith ar fáil go leanúnach, baint amach spriocanna bliantúla atá comhaontaithe roimh ré agus bainistíocht shásúil poiblíochta agus airgeadais.
- I rith shaolré réamh-mheasta an tionscadail, beidh ar na heagraíochtaí tionscnaimh cloí le riachtanais airgeadais, tuairiscithe agus poiblíochta Pobal, na Roinne Coimirce Sóisialaí agus Chiste Shóisialta na hEorpa (ESF). Má tá teip ann fianaise shásúil a chur ar fáil ar chloí leis na riachtanais seo, cuirfear deireadh leis an maoiniú.

Céard is gá duit a dhéanamh?

- Léigh na nótaí teorach go cúramach, chomh maith le heolas ar bith eile a eisímid.
- Cinntigh go bhfuil d'iarratas seolta isteach agat ar nó roimh an sprioc-am.
- Tabhair freagra ar iarratas ar bith eile ar eolas breise taobh istigh de sheacht lá.

Ní hionann an leabhrán eolais agus treorach seo agus conradh de chineál ar bith. Chomh maith le tacaíocht maoiniúcháin, tá Pobal tiomanta d'eolas agus cúnamh a thabhairt do ghrúpaí agus tionscadail nua. Déanfar athbhreithniú ar na nótaí treorach seo agus déanfar nuashonrú rialta orthu, más gá.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise

Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire go bhfuil an t-eolas atá san áireamh i bpróiseas an iarratais faoi réir na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise in Éirinn.

Cuid 5

Critéir Roghnúcháin agus Scóráil

Déanfar iarratais a mheas in aghaidh na gcritéar roghnúcháin seo a leanas:

1. Cumas na hEagraíochta
2. Oiriúint Straitéiseach
3. An Gá atá leis an Tionscadal
4. Cáilíocht an Togra
5. Inbhuanaitheacht
6. Luach ar Airgead

1. Cumas na hEagraíochta nó an Chuibhreannais

Ba chóir go léireodh iarratasóirí:

1. Struchtúir eagraíochta agus bainistíochta atá oiriúnach do chineál agus scála an tionscadail.
2. Go bhfuil córais chúí bhainistíochta airgeadais agus rialaithe i bhfeidhm.
3. Taithí roimhe seo ar sholáthar tionscada(i)l de réir sceidil, taobh istigh den bhuiséad agus na paraiméadair chomhaontaithe, lena n-áirítear bainistíocht mhaoiniú an AE/CSE/an Státchiste.
4. Tuiscint agus taithí ar cheisteanna míchumais agus eolas maith oibre ar an spriocghrúpa.
5. Tuiscint agus eolas ar mhodhanna agus bealaí cuir chuige cuí a d'fhéadfadh aidhm agus cuspóirí an tionscadail a bhaint amach.

2. Oiriúint Straitéiseach

Ba chóir go léireodh iarratasóirí:

1. An chaoi a gcomhlíonann an togra aidhmeanna agus cuspóirí an Tionscadail Gníomhachtaithe Míchumais agus na snáitheanna ar leith faoina bhfuil an t-iarratas á dhéanamh.
2. Tuiscint ar an margadh saothair, go háitiúil agus taobh amuigh de sin, agus ar an nascáil idir togra an tionscadail agus an margadh saothair.
3. An chaoi a réitíonn togra an tionscadail le polasaithe Náisiúnta agus an AE maidir le míchumas agus gníomhachtú sa mhargadh saothair.

3. An Gá atá leis an Tionscadal

Ba chóir go léireodh iarratasóirí:

1. Anailís shoiléir ar an spriocghrúpa agus ar na riachtanais ar leith atá orthu.
2. Sonraí oibiachtúla/taighde bainteach le tacú leis an ngá atá leis an tionscadal.
3. Teagmháil leis an spriocghrúpa i ndearadh an tionscadail bheartaithe.
4. An chaoi a bhfreastalaíonn togra an tionscadail ar an riachtanas a aithníodh.

4. Cáilíocht an Togra

Ba chóir go léireodh iarratasóirí:

1. Go bhfuil an Plean Gníomhaíochta Sonrach, Intomhaiste, Indéanta, Réalaíoch Eaoi Cheangal Ama.
2. Nuálach ó thaobh ábhair, meicníocht soláthair agus comhoibriú

3. An chaoi a gcuireann togra an tionscadail bealaí nua cuir chuige chun cinn i leith soláthar seirbhísí agus tacú le daoine atá faoi mhíchumas.
4. Obair roinnte agus cur chuig comhordaithe comhleanúnach.
5. An chaoi a n-aimsítear agus a roghnaítear rannpháirtithe an tionscadail.
6. An chaoi a bhforbrófar pleananna pearsanta foráis agus a gcuirfear i bhfeidhm iad mar chuid den phlean gníomhaíochta.
7. An chaoi a gcuireann gníomhartha an tionscadail leis an soláthar atá ann cheana.
8. Comhionannas deiseanna.
9. Leithead an chumhdaigh gheografaigh.
10. Straitéis chumarsáide/phoiblíochta.

5. Inbhuanaitheacht

Ba chóir go léireodh iarratasóirí an acmhainneacht inbhuanaitheachta agus príomhshruthaithe, chomh maith le luach an tionscadail don earnáil tar éis an mhaoinithe. Ba chóir go gcuimseodh sé seo:

1. Comhoiriúnacht agus comhlántacht le gníomhaíochtaí atá á soláthar faoi láthair.
2. Oiread nó leibhéal na gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha le heagraíochtaí reachtúla, deonacha nó fostóirí.
3. An chaoi a ndéanfar measúnú ar an tionscadal agus an chaoi a scaipfear an fhoghlaim atá i gceist.
4. Acmhainneacht an tionscadail dul i bhfeidhm ar pholasaí agus ar chleachtas.

6. Luach ar Airgead

Ba chóir go léireodh iarratasóirí:

1. Baint amach an aschuir uasta don bhuiséad beartaithe
2. Go bhfuil na costais i gcomhréir le noirm an mhargaidh.

Déanfar scóráil mar seo a leanas:

1. Oiriúint Straitéiseach	20%
2. Cumas na hEagraíochta	20%
3. An Gá atá leis an Tionscadal	15%
4. Cáilíocht an Togra	15%
5. Inbhuanaitheacht	15%
6. Luach ar Airgead	15%

Gheobhaidh gach tionscadal scór áirithe as 100. Ní mór do thionscadal scór íosta 65 (65%) a bhaint amach le bheith molta le haghaidh maoiniú. Chomh maith le scór foriomlán 65% a bhaint amach, **ní mór** d'iarratais a mholtar le haghaidh maoiniú scór 65% a bhaint amach in Oiriúint Straitéiseach agus Cumas na hEagraíochta araon. Ní leithdháiltear scóráil bhreise le haghaidh iarratais ilsnáithe

Rangófar gach iarratas a bhaineann scór 65% nó níos mó amach agus leithdháilfear maoiniú in ord an rangaithe, d'fhonn róthiomantas cistí a chosc. Tabhair faoi deara, le do thoil, nach ráthaíocht ar mhaoiniú é scór 65 nó níos mó i gcás iomaíoch.

Cuid 7

SEICLIOSTA LE HAGHAIDH SEOLADH ISTEACH IARRATAIS

Rud atá de dhíth	Nótaí breise
Foirm iarratais atá comhlánaithe go hiomlán	Ní mór gach cuid den fhoirm a chomhlánú <u>go hiomlán</u> .
Stádas dlí – cóip den doiciméad rialaithe	Bunreacht nó Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais an Iarratasóra
Struchtúr eagraíochta	<ol style="list-style-type: none">1. Cairt eagraíochta a léiríonn struchtúr eagraíochta an príomh-chomhpháirtí;2. Cairt eagraíochta le haghaidh an struchtúir bainistíochta tionscadail - d'fhéadfadh sé seo sonraí an struchtúir foirne, struchtúr boird/coiste stiúrtha agus/nó fochoistí a chuimsiú.
Cóipeanna de na miontuairiscí bainteacha	Miontuairiscí sínithe de chruinniú boird a údaraíonn seoladh isteach na foirme iarratais.
Cur síos ar phoist	Má tá líne buiséad foirne agat san áireamh san oibríocht, cuir an cur síos gaolmhar ar phoist san áireamh, le do thoil.

Dearbhú ar rannpháirtíocht / comhaontú le heagraíochtaí comhpháirtíochta (MÁS BAINTEACH)	D'fhéadfadh litreacha tacaíochta, miontuairiscí an chruinnithe ag ar comhaontaíodh an comhaontú comhpháirtíochta, nó comhaontú níos foirmiúla a bhfuil doiciméadú déanta air idir na comhpháirtithe a bheith i gceist leis seo.
Cuntais iniúchta	Ba chóir cóipeanna de chuntais iniúchta d'eagraíochta le haghaidh na bliana roimhe seo nó cuntais eile dá leithéid a sholáthar.
Tuarascálacha Iniúchtaí	Cóipeanna d'iniúchtaí ar bith de chuid an AE nó an Státchiste a rinneadh
Sonraí imréitigh cánach/eolas CBL	
Aon doiciméid tacaíochta bhainteacha eile	

Má tá tuilleadh eolais uait, déan teagmháil le:

Ailish Quinn,
Pobal,
Foirgneamh M:Tek 11,
Bóthar Ard Mhacha,
Muineachán
Co. Mhuineacháin
www.pobal.ie

Ríomhphost: disabilityactivation@pobal.ie (roghnaithe)

Guthán: +353 1 5117500

Liúntas Míchumais

Is íocaíocht sheachtainiúil é Liúntas Míchumais a d'fhéadfá a fháil má tá míchumas ort a bhfuiltear ag súil lena leanúint ar feadh bliain amháin ar a laghad agus má tá tú idir 16 agus 65 bliain d'aois. Más mian leat íocaíocht a fháil, ní mór duit tástáil acmhainne a shásamh agus a bheith i do ghnáthchónaí in Éirinn. Seans go mbeidh ort freastal ar scrúdú leighis chomh maith.

Pinsean Easláine

Is íocaíocht é Pinsean Easláine do dhaoine atá faoi éagumas buan oibre toisc breoiteacht nó éagumas. Ní mór duit coinníollacha leighis agus árachais shóisialaigh (ÁSPC) araon a chomhlíonadh le cáiliú lena aghaidh. Níl an pinsean (ráta pearsanta) faoi réir tástáil acmhainne agus ní bhíonn tionchar ag ioncam eile a bheadh agat air, amhail pinsean ceirde.

Sochar Breoiteachta

Is íocaíocht é Sochar Breoiteachta do dhaoine faoi árachas nach féidir leo obair a dhéanamh de bharr breoiteachta. Is féidir leat cáiliú le haghaidh Sochar Breoiteachta mura bhfuil tú in ann obair a dhéanamh mar gheall ar bhreoiteacht, má shásaíonn tú na coinníollacha Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) agus má tá tú faoi bhun 66 bliain d'aois. Níl an ráta pearsanta faoi réir tástáil acmhainne agus ní bhíonn tionchar ag ioncam eile a bheadh agat air, amhail pinsean ceirde.

Pinsean na nDall

Is íocaíocht de réir tástáil acmhainne é Pinsean na nDall, le haghaidh daoine dalla agus daoine áirithe atá ar lagamharc. Is féidir leat cáiliú má tá tú dall nó ar lagamharc, 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus má shásaíonn tú tástáil acmhainne.

Íocfar an pinsean má tá an Roinn sásta go bhfuil radharc do shúl chomh dona sin, nach bhfuil tú in ann aon obair a dhéanamh a mbíonn radharc na súl riachtanach lena haghaidh nó nach bhfuil tú in ann leanúint ar aghaidh le do ghnáthghairm bheatha mar gheall ar lagamharc. Mar mhalairt air sin, má tá tú

cláraithe mar dhall le Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill (CNÉD), is gnách go nglactar leis an gclárú seo mar shásamh coinníoll daille na scéime pinsin.

Sochar Míthreorach

Tá Sochar Míthreorach ar cheann de na híocaíochtaí atá ar fáil faoin scéim díobhálacha ceirde agus tá sé roinnte ina chnaphshuim amháin nó ina phinsean rialta agus é ag brath ar an ngortú nó éifeacht an ghalair. Is féidir leat cáiliú má oibríonn tú agus má íocann tú ÁSPC in Aicme A, B, D, J nó M agus má chailleann tú cumas fisiceach nó meabhrach mar gheall ar thimpiste oibre, timpiste coimíteireachta ar bhealach díreach idir d'áit chónaithe agus d'áit oibre, nó má thógann tú galar forordaithe agus tú ag obair. Braitheann d'íocaíocht ar oiread do mhíthreorach, rud a mheasann dochtúir.

Forlónadh Éagumais

Is méadú ar Phinsean Míthreorach é Forlónadh Éagumais a dhéantar nuair a mheastar duine a bheith faoi éagumas buan oibre mar gheall ar thimpiste/galar ceirde agus nuair nach gcáilíonn sé/sí le haghaidh sochar eile Leasa Shóisialaigh, amhail Sochar Míchumais.

Sochar Díobhála

Tá Sochar Díobhála ar cheann de na sochair atá ar fáil faoin Scéim Díobhálacha Ceirde. Is íocaíocht sheachtainiúil é a dhéantar leat má tá tú neamhábaltá obair a dhéanamh mar gheall ar thimpiste oibre nó toisc gur thóg tú galar mar gheall ar an gcineál oibre a dhéanann tú agus má mhaireann do bhreiteacht ar feadh 4 lá ar a laghad (gan an Domhnach san áireamh). Féachtar ar thimpistí a tharlaíonn ar turas gan bhriseadh go dtí nó ó obair mar thimpistí ceirde.

Is éard atá i gceist le galar ceirde ná galar a thógann tú i gcaitheamh do chuid oibre, mar shampla, ó theagmháil le hoibreáin fhisiceacha nó cheimiceacha. De ghnáth, tolgar galair ó cheird thar am, ach d'fhéadfaidís forbairt ó thionóisc aonuaire ag obair.

Aguisín 2

Léarscáil an Limistéir Cháilithe

